# Community games in full swing

## Ardattin



CONTACT: DENIS RUSCHITZKO TEL: 086 3276279
EMAIL: DRUSCHITZKO@EIRCOM.NET

ATHLETICS training for all Slaney Valley competitors from U6 upwards is held on Tuesday and Friday nights from 7pm to 8pm in Ardattin field. The area trials will be held in May (date to be confirmed). Training for skittles for the age groups U12 and U14 are held in Ardattin car park on Tuesday and Friday nights at 8pm. A final reminder that their fundraising table quiz will be held in the Ardattin Inn on Saturday 5 May at 9pm. The entry fee per table of four is just €20 and all age groups are welcome. The proceeds will go toward supporting the youth of our area in sport and other worthwhile causes.
Come along and join in the fun and pit your knowledge against the brains of the parish

**TAX RECLAIM FORMS**
A reminder to all parishioners who are PAYE taxpayers to please return your tax reclaim form to the parish centre as soon as possible. This scheme is totally confidential, will cost you nothing, but can be a big help to the parish finances.



**Cllr Michael Abbey admiring a painting at the exhibition by the Rohingya Refugee Group in Visual** Photo: John Courtney

# Glór Cheatharlach

## Aisteoirí an Lóchrainn ag dul chuig an Fhéile Náisiúnta Drámaíochta

REACHTÁILFEAR Féile Náisiúnta Drámaíochta 2012 ins Na Dúnaibh, Tír Chonaill thar dheireadh seachtaine Bealtaine agus i measc na ndrámaí a bheidh ar chlár na féile beidh 'Bidín'á léiriú ag Aisteoirí an Lóchrainn, Ceatharlach. Déantar comhghháirdeachas ó chroí leis an gcumann áitiúil as ainmniúchán a fháil don fhéile náisiúnta tar éis dóibh an dráma dhá ghníomh 'Bidín' leis an Athar Pádraic Standún a léiriú ós comhair moltóirí faoi dhó cheana i gCeatharlach agus sa Feothanach, Ciarraí. Bronnadh gradam speisialta ar dhuine de na haisteoirí, Gearóid Ó Tuama, as a léiriú ar an gcarachtar Tadhg a aithnítear mar choinsias an bhaile chomh maith le bheith ina fhear mór magaidh.

Is faoi bhean shingil a chónaíonn léi féin ar an bportach an scéal. Bidín is ainm di. Bíonn cuid mhaith chúlchaint uirthi sa dúiche sin. Bhí páiste aici na blianta roimhe seo le fear gnó a raibh stádas nach beag ar an mbaile aige. Bhí ar Bhidín bailiú léi go Sasana nuair a léigh an sagart ón altóir í. Tá droch-chlú uirthi i measc mná an bhaile, agus ceapann cuid acu gur striapach í. Glacann an sagart nua sa pharóiste trua di agus tugann sé lóistín di a fhad is a bhíonn an sciobóilín ina gcuireann sí fúithi á dheisiú. Déanann sé iarracht iníon Bhidín a chuardach i Sasana. Tagann cúrsaí chun cinn sa radharc deireanach nuair a réitítear an scéal. Is é Con Ó Cróinín atá mar léiritheoir ar an dráma agus tá dáréag ar an bhfoireann.

Guíonn Glór Cheatharlach gach beannacht ar Aisteoirí an Lóchrainn agus iad in iomaíocht leis na cumainn drámaíochta eile ag an bhFéile Náisiúnta, cumainn atá uilig lonnaithe i gceanntair Gaeltachta mar An Cheathrú Rua, Corca Dhuibhne,Corr na Móna, Cúl Aodha agus Na Dúnaibh. Go n-éirí go geal leo!



**Móna Ní Liatháin a ghlacann páirt 'Bidín' sa dráma**



**Aisteoirí an Lóchrainn a léireoidh an dráma 'Bidín'**

## Gaeilge le Chéile na Míosa

CUIRFEAR fáilte roimh chách ag Gaeilge le Chéile, an oíche shóisialta mhíosúil trí Ghaeilge, ar an Déardaoin, 3 Bealtaine ag 9.00i.n. i dteach tábhairne Reddys. Tagann daoine, a bhfuil suim sa Ghaeilge acu, le chéile ar an gcéad Déardaoin de gach mí i rith na bliana chun an Ghaeilge a labhairt go sóisialta. Beidh fáilte go háirithe roimh dhaoine atá ag freastal ar Chúrsaí Ghaelchultúir i láthair na huaire. Is deis atá ann do dhaoine bualadh le daoine eile a labhraíonn Gaeilge. Cead isteach saor. Caint, comhrá agus comhluadar trí Ghaeilge. Bí ann agus fáilte.

# Mí Bealtaine, tús an tSamhraidh

TÁ Mí Bealtaine buailte linn agus aimsir álainn ghrianmhar ar an slí, tá súil againn, mar chruthú go bhfuil laethanta fada an tsamhraidh ag síneadh amach ós ár gcomhair.

Mí an-shuntasach i bhféilire na gceilteach ab ea Mí na Bealtaine. Roinn na ceiltigh an bhliain ina dhá chuid – an leath dorcha agus an leath geal. Cosúil le ciníocha eile, thosaigh an bhliain leis an tráth dorcha.

Mar sin, chuir Oíche Shamhna tús leis an leath dorcha agus Oíche Bhealtaine tús leis an leath geal. Dátaí fíor thábhachtacha i mbliain na gceilteach ab ea Samhain agus Bealtaine.Buailtear leis an dá thréimhse céanna sin ins na scéalta fiannaíochta chomh maith mar bhíodh Fianna Éireann ina gcampaí ó Shamhain go Bealtaine agus ag seilg amuigh faoin spéir ó Bhealtaine go Samhain.

Bhí mórán nósanna ag baint le Mí na Bealtaine sa bhliain cheilteach, ní nach ionadh, agus tá cuid acu ann fós. I dtús báire, cuireann Bealtaine fáilte roimh séasúr an tsamhraidh. Tagann fás agus borradh faoin dúlra i ndiaidh codhladh an gheimhridh. Tagann duilleoga agus bachlóga úra ar ghéaga loma na gcrann agus ins na páirceanna bíonn an lus buí bealtaine, cam an ime, bainne bó bleacht agus an sabhaircín le feiceáil go flúirseach. Agus nach iontach an radharc an sceach gheal faoi bhláth ar na claíocha-crann go raibh baint faoi leith aige le gnásanna agus le nósanna na Bealtaine. Cuirtí craobhacha maisithe os comhair an dorais mar chomhartha go raibh dúluachair an gheimhridh thart agus torthúlacht an tsamhraidh i réim arís.

Bhíodh sé de nós ag daoine chomh maith dul isteach ins na coillte chun craobhacha caorthainne agus bláthanna fiáine a bhreith abhaile leo chun na tithe agus altóir na Bealtaine a mhaisiú. Bhiodh Amhrán na Bealtaine á chasadh acu ag filleadh abhaile dóibh:

*Samhradh, samhradh bainne na ngamhna,*
*Thugamar féin an samhradh linn,*
*Samhradh buí na nóinín gléigeal,*
*Thugamar féin an samhradh linn.*

*Thugamar linn é ón gcoill chraobhaigh.*
*Thugamar féin an samhradh linn,*
*Ó bhaile go baile 's go dtí ár dteach féinig*
*Thugamar féin an samhradh linn.*




Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:
**Glór Cheatharlach**
**Sráid an Choláiste, Ceatharlach (059) 9158105 / (085) 1340047**
emma@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!